ARDTAILTE AGUS SLÉIBHTE

Breathnaítear ar Éirinn mar thír ísealchríche - ní féidir cur síos a dhéanamh mar ardtailte agus sléibhte ach amháin ar chúig faoin gcéad d'achar iomlán na talún. 'Ardtalamh' is ea talamh le hairde ó 400-600m, agus breathnaítear ar thalamh os cionn 600m mar shliabh. Is iad na príomhghnáthóga atá le fáil in ardtailte agus sléibhte na hÉireann ná bratphortach agus fraochmhá.

Is cairpéad de thalamh fliuch é an bratphortach a chlúdaíonn achar mór talún. Tá bratphortaigh le fáil ar chósta iarthair na hÉireann agus ar shléibhte Chill Mhantáin den chuid is mó. Iompraíonn na gaotha aniar a shéideann ón Aigéan Atlantach méideanna móra báistí leo, agus mar a thiteann an bháisteach chun na talún, glanann nó láisteann sí na mianraí anuas tríd na hithreach. Déanann na mianraí seo sraith chrua nó 'logán' atá dothuaslagtha ag uisce. Le himeacht ama, éiríonn an ithir os cionn an logáin síorfhliuch, agus tosaíonn caonach sfagnaim - 'tógálaí an phortaigh' - ag fás. Fásann caonaigh sfagnaim aníos, agus thar na mílte bliain tá ár sléibhte clúdaithe acu le portaigh. Tugann na mílte turasóirí cuairt ar bhratphortaigh na hÉireann gach bliain. Tá an tírdhreach garbh a bhaineann leo uathúil agus níl a leithéidí le feiceáil in áit ar bith eile ar domhain.

Is limistéir oscailte de thalamh ar ithreacha bochta iad fraochmhánna - áit le beagán crainn. Tá forlámhas ag fraoch sna limistéir seo. Tá dhá chineál fraochmhá i limistéir ardtailte na hÉireann: 'fraochmhá fhliuch' agus 'fraochmhá shléibhtiúil'. Feictear fraochmhá fhliuch ar ithreacha móinteacha agus bíonn meándoimhneacht 15-50cm inti. Feictear fraochmhá shléibhtiúil ag airde mhór in áit a bhfuil neart báistí agus teochtaí ísle.

I measc na ngnáthóga eile in ardtailte agus sléibhte na hÉireann tá srutháin, aibhneacha, lochanna agus coillearnach dhúchasach; tacaíonn siad seo ar fad lena n-éagsúlacht flóra agus fána féin. Bíonn ardtailte agus sléibhte nochtaithe do ghaoth agus báisteach atá thar fóir, agus tá na plandaí agus ainmhithe atá ina gcónaí anseo oiriúnaithe go cliste chun maireachtáil sna coinníollacha seo. Mar shampla, fásann fianna a fhaightear i Cill Airne fionnadh an-tiubh agus fada sa gheimhreadh, agus bíonn na plandaí ar fad gearr chun damáiste gaoithe a sheachaint. Nuair a thugann tú cuairt ar ardtailte agus sléibhte, tug dath fíor-ghlas na ciaróige tíograí faoi deara, nó éist le fonn na fuiseoige mar a líonann sí an t-aer mórthimpeall. Tug eitilt rioscúil aeraclaíochta an mheirliúin faoi deara, an t-éan creachaí is lú in Éirinn, agus samhlaigh saol na ndaoine a rinne feirmeoireacht sna tailte seo na mílte bliain ó shin.

BAGAIRTÍ DON GHNÁTHÓG

Tá roinnt bagairtí tromchúiseacha roimh limistéir ardtailte agus sléibhte na hÉireann. Is féidir le caillteanas na ngnáthóg uathúil agus a mbithéagsúlacht ghaolmhar a bheith mar thoradh ar chur crann tráchtála (foraoisiú). Is féidir le hathruithe suntasacha don ghnáthóg agus caillteanas bithéagsúlachta a bheith mar thoradh ar thógáil na bhfeirmeacha gaoithe móra in ardtailte cosanta. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí is díobhálaí ná bóithre rochtana trasna na dtailte portaigh, draenáil na seirbhíse struchtúir agus bunsraitheanna le haghaidh tuirbíní.

Baineadh leas as tine go stairiúil chun mósáic fraoigh a chothabháil, mar atá de dhíth ar an gcearc fhraoigh. Ceadaíonn loscadh an fhraoigh do phéacáin óga an phlanda fás. Beathaíonn an chearc fhraoigh í féin ar na péacáin seo, agus tá siad níos saibhre i gcothaithigh do bheostoc féaraigh. Mar sin féin, cheadaigh an-iomarca tinte don raithneach mhór - planda ionrach eile - fás go forleathan i limistéir áirithe. Tarlaíonn fadhb eile nuair atá an iomarca caorach ar iníor ar shléibhte. Tá na plandaí ar fad ite i limistéir áirithe, agus sreabhann an mhóin aníos ó shléibhte dá bharr. Tá caillteanas 80 faoin gcéad ar chlúdach an bhratphortaigh in Éirinn feicthe toisc na brúnna ar fad thuasluaite.

CAD IS FÉIDIR LE DAOINE A DHÉANAMH CHUN AN GHNÁTHÓG A CHOSAINT

Tá sé riachtanach go ndéanaimid gníomh inniu chun cinntiú go ndéantar bithéagsúlacht na hÉireann inár n-ardtailte agus sléibhte a chosaint. Is féidir leat foghlaim faoi na háiteanna fiáine agus iontacha seo trí oideachas. Is féidir leat tacú nó a bheith rannpháirteach le heagraíochtaí atá ag cabhrú chun na limistéir oscailte seo a chosaint agus a chaomhnú, agus oibriú go deonach ar thionscadail úsáideacha cosúil le scoitheadh na bplandaí ionracha. Tá faireachas agus tuairisciú riachtanach maidir le dumpáil neamhdhleathach, mar milleann dramhaíl luach scéimhe na tírdhreacha agus is féidir léi díobháil a dhéanamh don fhána fiáin. Chun ró-bhrú a sheachaint, coinnigh leis na cosáin shainithe nuair atá cuairt á thabhairt agat ar limistéar ardtalaimh. An rud is tábhachtaí ná rud éigin a dhéanamh. Ná bí ag brath ar dhaoine eile chun cinntiú go bhfuil gnáthóga na n-ardtailte agus na sléibhte á gcaomhnú. Téigh i mbun oibre inniu!

TUILLEADH EOLAIS

- Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann: *www.ipcc.ie*
- An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra: *www.npws.ie*
- Bord na Móna: *www.bnm.ie*
- Bogland Project: *www.ucd.ie/bogland*
- Sliabh Bladhma: *www.slievebloom.ie*
- Tionscadail Choillte um Athchóiriú Portaigh: *www.irishbogrestorationproject.ie*
- An Chomhairle Oidhreachta: *www.heritagecouncil.ie*